



## PREASEISIÚINT Uimh. 116/24

Lucsamburg, an 29 Iúil 2024

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-119/23 | Valančius

### **Breithiúna an Aontais a cheapadh : féadfaidh Ballstát iarrthóir a mholadh as measc na n-iarrthóirí ar liosta arna tharraingt suas ag grúpa náisiúnta saineolaithe neamhspleácha, seachas an t-iarrthóir is airde rangú ar an liosta, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-iarrthóir atá beartaithe na ceanglais a leagtar síos sna Conarthaí**

Féadfaidh Rialtas Ballstáit, a chuir grúpa saineolaithe neamhspleácha ar bun chun measúnú a dhéanamh ar iarrthóirí don phost mar Bhreitheamh de Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh agus chun liosta fiúntais a tharraingt suas d'iarrthóirí a chomhlíonann na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus inniúlacht ghairmiúil a leagtar síos sna Conarthaí <sup>1</sup>, iarrthóir seachas an t-iarrthóir is airde rangú a mholadh as measc na n-iarrthóirí ar an liosta sin, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-iarrthóir atá beartaithe na ceanglais sin.

Ceapadh Virgilijus Valančius ina Bhreitheamh de Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh in 2016. Tar éis dá shainordú dul in éag in 2019, d'fhoilsigh rialtas na Liotuáine glao ar iarratais agus bhunaigh sé nós imeachta chun iarrthóir a roghnú don phost sin. I gcomhréir leis an nós imeachta sin, dhréachtaigh meitheal, ar a raibh saineolaithe neamhspleácha den chuid is mó, liosta fiúntais d'iarrthóirí, agus iad curtha in ord íslitheach bunaithe ar an scór a fuair siad. Ba é Valančius an duine ab fhearr ar an liosta fiúntais. Le cinneadh an 4 Bealtaine 2022, mhol Rialtas na Liotuáine an dara duine ar an liosta fiúntais mar iarrthóir d'oifig breithimh de chuid na Cúirte Ghinearálta. Tar éis do Phainéal 255 <sup>2</sup> tuairim neamhfhabhrach a fháil maidir leis an iarrthóir sin, mhol Rialtas na Liotuáine, le cinneadh an 19 Aibreán 2023, an duine a bhí sa tríú háit ar an liosta fiúntais, eadhon Saulius Lukas Kalėda, mar iarrthóir don phost sin. Le cinneadh an 15 Meán Fómhair 2023, arna ghlacadh tar éis tuairim fhabhrach ón gCoiste 255, cheap rialtais na mBallstát Kalėda mar bhreitheamh de chuid na Cúirte Ghinearálta.

Rinne Valančius iarratas chuig Cúirt Réigiúnach Riaracháin Vilniaus (an Liotuáin) go ndéanfaí an dá chinneadh atá beartaithe ag Rialtas na Liotuáine a chur ar neamhní. Ós rud é go raibh amhras uirthi faoi thionchar dhlí an Aontais ar na nósanna imeachta náisiúnta chun iarrthóirí a mholadh don phost mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta, chuir an chúirt sin ceist ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir leis sin.

Ina breithiúnas, meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais go léirítear go nithiúil leis an **gceanglas maidir le neamhspleáchas na gcúirteanna** bunluach an smachta reachta a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE **agus go bhfuil sé chomh ceangailteach céanna ar leibhéal an Aontais, go háirithe do bhreithiúna na Cúirte Ghinearálta, agus atá sé ar leibhéal na mBallstát**, do chúirteanna náisiúnta. Is é an tátal a bhaineann leis an gCúirt ná gur gá go mbeadh na coinníollacha substainteacha agus na socruithe nós imeachta a bhaineann le ceapadh bhreithiúna na Cúirte Ghinearálta a bheith de chineál nach féidir **aon amhras dlisteanach a eisiáimh**, in aigne na ndlíthithe, **go gcomhlíonann na breithiúna sin na ceanglais neamhspleáchais agus na hinniúlachta gairmiúla** a cheanglaítear le hAirteagail 19 CAE agus 254 CFAE chun dualgais bhreithimh den Chúirt Ghinearálta a chomhlíonadh. Chuige sin, is gá go háirithe **sláine an nós imeachta iomlán a áirithiú maidir le ceapadh**

**breithiúna na Cúirte Ginearálta** agus, dá bharr sin, toradh an nós imeachta sin áirithiú.

Ag an gcéim náisiúnta, ar an gcéad dul síos, maidir le hiarrthóir a mholadh d'oifig bhreitheamh na Cúirte Ginearálta, measann an Chúirt, ina éagmais forálacha sonracha chuige seo i ndlí an Aontais, is faoi gach Ballstát atá sé na socruithe nós imeachta a rialáil chun iarrthóir a mholadh. Dá réir sin, **tá sé de shaoirse i gcónaí ag gach Ballstát foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta** chun iarrthóir a roghnú agus a mholadh. Ní féidir leis na rialacha mionsonraithe sin a bheith ina gcúis, in aigne daoine aonair, le hamhras dlisteanach i dtaobh an gcomhlíonann an t-iarrthóir atá beartaithe na ceanglais a leagtar síos sna Conarthaí. Cé go bhfuil baint ag ionadaithe an reachtais nó an fheidhmeannais leis an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh, ní leor sin ann féin chun amhras dlisteanach den sórt sin a chruthú. Mar sin féin, d'fhéadfadh **rannpháirtíocht comhlachtaí comhairleacha neamhspleácha** chomh maith le **hoibleagáid cúiseanna a lua sa dlí náisiúnta** cur le hoibiachtúlacht níos mó sa phróiseas ceapacháin. A mhéid a bhaineann leis na coinníollacha substainteacha maidir le hiarrthóirí a mholadh, tá lánrogha leathan ag na **Ballstáit** maidir leis na coinníollacha sin a shainiú. Mar sin féin, **ní mór dóibh a áirithiú**, beag beann ar na rialacha nós imeachta a glacadh chun na críche sin, **go gcomhlíonfaidh na hiarrthóirí a mholtar na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus inniúlacht ghairmiúil** dá bhforáiltear sna Conarthaí.

Mar sin, sa chás inar bhunaigh Ballstát nós imeachta maidir le hiarrthóir a mholadh d'oifig breithimh na Cúirte Ginearálta faoina mbeidh grúpa saineolaithe neamhspleácha freagrach as liosta fiúntais a tharraingt suas ina measc siúd a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear sna Conarthaí agus a chur in iúl, trí mholadh, an t-iarrthóir is fearr rangaithe, ní leor, ann féin, go bhfuil cinneadh déanta ag rialtas an Bhallstáit sin iarrthóir a mholadh ar an liosta rangaithe sin seachas an t-iarrthóir is airde rangú chun a chinneadh go bhfuil an togra sin de chineál a chruthódh amhras dlisteanach i dtaobh an gcomhlíonann an t-iarrthóir atá beartaithe na ceanglais sin.

Ina dhiaidh sin, maidir leis an dara céim den nós imeachta chun breithiúna na Cúirte Ginearálta a cheapadh, eadhon, maidir le **hidirghabháil ón bpainéal 255**, sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais, chun a tuairim a ghlacadh, nach mór don phainéal sin a **fhíorú go gcomhlíonann an t-iarrthóir a mholtar don phost mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus inniúlacht ghairmiúil** a leagtar síos sna Conarthaí. Chuige sin, féadfaidh painéal 255 a iarraidh ar an rialtas atá ag déanamh an togra faisnéis bhreise nó ábhar eile a mheasann an painéal a bheith riachtanach a sheoladh chuige.

Ar deireadh, maidir leis an tríú céim den nós imeachta ceapacháin, lena gcomhfhreagraítear don **chinneadh ceapacháin arna ghlacadh ag rialtais na mBallstát**, cuireann an Chúirt in iúl gur faoi na **rialtais sin i dteannta a chéile atá sé a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais sin** nuair a chinneann siad, ag féachaint don tuairim ó phainéal 255, breitheamh a cheapadh don Chúirt Ghinearálta arb é an t-iarrthóir é arna mholadh ag ceann de na rialtais sin. Go deimhin, tar éis a bheith ceaptha, déantar breitheamh den Aontais den iarrthóir sin agus ní dhéanann siad ionadaíocht thar ceann an Bhallstáit a mhol iad.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

<sup>1</sup> De réir an tríú fomhír d'Airteagal 19(2), CAE, 'roghnófar breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte Breithiúnais agus breithiúna na Cúirte Ginearálta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a chomhallann na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagail 253 agus 254 [CFAE]. Ceapfaidh rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile ar feadh téarma sé bliana. ' Foráiltear le hAirteagal 254(2) den CFAE 'go roghnófar breithiúna na Cúirte Ginearálta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú'.

<sup>2</sup> De réir Airteagal 255 CFAE, 'cuirfear painéal ar bun chun tuairim a thabhairt ar oiriúnacht na n-iarrthóirí do dhualgais bhreithimh agus Abhcóide Ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais agus den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú sula ndéanfaidh rialtais na mBallstát na ceapacháin'.